# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2012**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2012 – MAIDIN 9.30 - 12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **Cúig** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna as an obair, as an leagan amach agus as an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do Theaghlach Uí Riain le haghaidh ceithre mhí, ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2012:

Is é €245 an t-Airgead Tirim tosaigh ar láimh.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Seán Ó Riain €2,700 glan in aghaidh na míosa agus tá sé ag súil le bónas saoire €500 glan i mí Mheán Fómhair.
- Tuilleann Máire Uí Riain €1,850 glan in aghaidh na míosa agus tá sí ag súil le **laghdú** de €400 in aghaidh na míosa air seo ó 1 Iúil 2012.
- Tá súil le Sochar Leanaí €280 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Tá morgáiste tí de €670 in aghaidh na míosa le híoc acu ach tiocfaidh **ardú** de €100 in aghaidh na míosa air ó 1 Iúil 2012.
- Cosnaíonn préimh árachais an tí €720 in **aghaidh na bliana,** agus **tá sé iníoctha go míosúil** ó 1 Meitheamh 2012.
- €350 an t-árachas bliantúil atá ar ghluaisteán Sheáin. €475 an phréimh árachais atá ar ghluaisteán Mháire. Tá an dá phréimh iníoctha i mí Iúil.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,100 in aghaidh na míosa le híoc acu, ach amháin i mí Iúil, nuair a bheidh €700 **sa bhreis** le híoc.
- Ceaptar gur €200 in aghaidh na míosa an costas reatha gluaisteáin a bheidh ar Sheán agus €150 in aghaidh na míosa ar Mháire. Tá seirbhís le déanamh ar ghluaisteán Sheáin i mí an Mheithimh agus ceaptar go gcosnóidh sé sin €250 **sa bhreis**.
- Ceaptar gur €180 a bheidh ar bhillí leictreachais i gcomhair solais agus teasa i mí an Mheithimh agus €200 i mí Lúnasa, agus cosnóidh ola téimh €900 i mí Mheán Fómhair.
- Cosnóidh éidí scoile €400 i mí Lúnasa agus cosnóidh leabhair scoile €500 i mí Mheán Fómhair.
- Íocann an teaghlach €45 in aghaidh na míosa ar chanálacha teilifíse. Cosnóidh an ceadúnas bliantúil teilifíse €160 i mí an Mheithimh.
- Cosnóidh bronntanais bhreithlae €750 i mí Mheán Fómhair.
- Cosnóidh siamsaíocht €200 gach mí, ach amháin i mí an Mheithimh, nuair a chosnóidh ticéid i gcomhair ceolchoirme dheiridh Westlife €150 **sa bhreis**.
- Tá saoire curtha in áirithe ag Teaghlach Uí Riain a chosnóidh €3,200. Caithfidh siad éarlais €800 a íoc i mí an Mheithimh agus an t-iarmhéid i mí Lúnasa.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh (*ar leathanach 9 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** Mínigh an téarma 'Caiteachas Roghnach'.
*(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Ríomh cé mhéad a bhfuil súil ag an teaghlach lena íoc ar a morgáiste tí sa bhliain iomlán (2012) mura mbíonn aon athrú eile ar na h-íocaíochtaí míosúla. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
*(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Uí Dhálaigh Tta ar 31 Nollaig 2011, deireadh na bliana airgeadais acu. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná €350,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2011** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 237,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 160,400 | |
| Carraeireacht Isteach | 4,800 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2011 | 32,750 | |
| Árachas | 14,600 | |
| Teileafón | 4,950 | |
| Cíos agus Rátaí | 15,700 | |
| Ús ar Rótharraingt | 3,700 | |
| Fógraíocht | 19,650 | |
| Díbhinn Íoctha | 21,100 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 37,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 15,350 | |
| Scairchaipiteal Eisithe ina Scaireanna €1 | | 220,000 |
| Áitreabh | 89,500 | |
| Trealamh | 47,500 | |
| Feithiclí Mótair | 64,000 | |
| | 494,000 | 494,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2011 ná €43,250.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghábhála Brabúis agus Caillteanais** Uí Dhálaigh Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011. *(Freagair ar leathanach. 10 den Leabhrán.)*

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar 31 Nollaig 2011.
(*Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.*) (45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'Stoc Deiridh'.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh an Brabús Glan mar chéatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim agus tú ag baint úsáide as an bhfhoirmle atá curtha ar fáil.

$$\frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Díolocháin ar Airgead Tirim}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar lch. 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.**

**Ceist í seo a bhaineann le Cineálacha Gnólactha agus le Litir a Scríobh**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*




Tá Seán de Búrca, a chónaíonn ag 32 Radharc an tSléibhe, Baile Mhisteala, Co. Chorcaí, ag beartú a ghnó féin a bhunú. Ar 23 Feabhra 2012, labhair sé ar an teileafón le Máire Ní Dhúshláine. Is í Máire bainisteoir Fhiontraíocht Éireann, Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath 2. Mhínigh Seán go raibh sé ag bunú a ghnó féin mar Thrádálaí Aonair agus d'fhiafraigh sé di an bhféadfadh sí roinnt eolais a thabhairt dó faoi sin.

An lá ina dhiaidh sin, scríobh Máire litir chuig Seán. Liostaigh sí ina litir **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhí-bhuntáiste a bhaineann le Trádálaí Aonair. Dúirt sí go raibh súil aici go mbeadh an t-eolas áisiúil dó agus ghuigh sí gach rath ar a ghnó nua.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Máire Ní Dhúshláine chuig Seán de Búrca ar 24 Feabhra 2012.
*(Freagair ar leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** D'fhéadfadh Seán Cuideachta Phríobháideach Theoranta a bhunú in ionad Trádálaí Aonair.
Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Cuideachta Phríobháideach Theoranta.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (12)

**(C)** Sna spásanna atá curtha ar fáil ar leathanach 13 den Leabhrán Scrúdaithe, ainmnigh an **dá** cheann de na doiciméid seo a leanas a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn Cuideachta Phríobháideach Theoranta á bunú ag duine:

DUILLÍN LÓISTEÁLA
AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS
FOIRM THOGRA
MEABHRÁN COMHLACHAIS
LUACHAN

(8)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Fuair Úna Ní Mhurchú an Ráiteas Bainc seo a leanas sa phost:

| | |
|---|---|
| **Banc na hÉireann**<br>Sráid an Chaisleáin, Luimneach | Ráiteas Uimh. 578 |
| Úna Iníon Ní Mhurchú<br>21 Bóthar Radharc na Darach<br>Luimneach | Ainm an Chuntais: ÚNA NÍ MHÚRCHÚ<br>Uimhir an Chuntais: 75987536<br>Dáta: 31 Márta 2012 |

| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| 01 Márta 2012 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 550.00 |
| 05 Márta 2012 | Aistriú Creidmheasa | | 250.00 | 800.00 |
| 08 Márta 2012 | UMB – Brainse Roxboro Bhanc na hÉir. | 300.00 | | 500.00 |
| 10 Márta 2012 | Seic Uimh. 3585 | 125.00 | | 375.00 |
| 16 Márta 2012 | Dochar Díreach – Bord Gáis | 180.00 | | 195.00 |
| 25 Márta 2012 | Seic Uimh. 3587 | 60.00 | | 135.00 |

*(Freagair Cuid **(A)** agus Cuid **(B)** ar leathanach 14 den Leabhrán.)*

**(A)** (i) Cén banc agus cén brainse ina bhfuil a cuntas ag Úna?

(ii) Cé acu cuntas taisce nó cuntas reatha atá ag Úna? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(iii) De réir Bhanc na hÉireann, cé mhéad airgid atá ag Úna ina cuntas ar 31 Márta 2012? (20)

**(B)** (i) Mínigh iontráil 8 Márta 2012.

(ii) Thug Úna faoi deara nach raibh seic Uimh. 3586, ar €70, a d'íoc sí le lena tréidlia ar 21 Márta 2012, ar a Ráiteas Bainc. Mínigh cúis **amháin** leis sin. (20)

**(C)** Thug múinteoir Staidéar Gnó scrúdú ar an mBaincéireacht dá mic léinn. Bhí na míniúcháin go léir i gceart ag mac léinn amháin ach chuir sé sna habairtí míchearta iad. Seo an rud a scríobh an mac léinn:

(i) Is é is pá-chonair ann ná *treoir a thugann custaiméir do bhanc méid seasta airgid a íoc go rialta as cuntas an chustaiméara le duine áirithe nó le comhlacht áirithe.*

(ii) Is é is buanordú ann ná *seic a ndiúltaíonn an banc ghlacadh leis, toisc nach bhfuil dóthain airgid sa chuntas.*

(iii) Is é is seic rite ann ná *córas trína n-íocann fostóir pá an fhostaí go leictreonach isteach i gcuntas bainc an fhostaí.*

(iv) Is é is seic obtha ann ná *treoir ó chustaiméir do bhanc a thugann cead do chomhlacht ainmnithe suimeanna éagsúla airgid a bhaint as cuntas an chustaiméara go rialta.*

(v) Is é is dochar díreach ann ná *seic atá níos sine ná sé mhí d'aois.*

Críochnaigh, go hiomlán agus i gceart, **gach** abairt (*sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 15 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as an eolas thuas. (20)

**(60 marc)**

**5.** **Baineann an cheist seo le Doiciméid Ghnó**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Tá Anraí Breatnach fostaithe sa Roinn Díolacháin ag Soláthairtí Cistine Tta, Eastát Tionsclaíochta Ros Tailte, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Ar 17 Aibreán 2012, faigheann sé an t-ordú seo a leanas:

# Earraí Leictreachais Tí Tta

Ionad Siopadóireachta Chnoc Uisce — **ORDÚ Uimh 4785**
Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Teileafón: 090 6446652
Facs: 090 6446574 — Cláruimhir CBL IE 5472365
r-phost: eleictreachais@baileathaluain.ie

16 Aibreán 2012

An Bainisteoir
Soláthairtí Cistine Tta
Eastát Tionsclaíochta Ros Tailte
Tulach Mhór
Co. Uíbh Fhailí

**Soláthair**, **le do thoil, na hearraí seo a leanas**:

| CAINNÍOCHT | SONRAÍ | | PRAGHAS AN CEANN (€) |
|---|---|---|---|
| 10 | Miasniteoirí Hotpoint | (Déanamh Uimh. SX234) | 250.00 |
| 25 | Meaisíní Níocháin Whirlpool | (Déanamh Uimh. ED125) | 320.00 |
| 40 | Triomadóirí Rothlamacha Indesit | (Déanamh Uimh. XX541) | 275.00 |
| 35 | Oighinn Creda | (Déanamh Uimh. BC798) | 240.00 |

Síniú: *Cáit Ní Chonchúir* — Teideal: Bainisteoir Ceannachán

Tá na hearraí a ordaíodh i stoc, ach amháin Oighinn Creda. Tá na hearraí eile go léir (**na miasniteoirí, na meaisíní níocháin agus na triomadóirí rothlamacha**) ar fáil. Déanann Anraí Breatnach deimhin de go bhfuil siad pacáilte chun iad a sheachadadh. Comhlánaítear sonrasc (Uimh. 7968) ansin.

Seachadtar na hearraí ar Earraí Leictreachais Tí Tta. Seachadann tiománaí na trucaile sonrasc (Uimh. 7968) dar data 17 Aibreán 2012 chomh maith.

**(A)** Is é an **Lascaine Thrádála** ar gach earra ná 25% agus an **CBL** ar gach earra ná 20%.
Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán, Uimh. 7968 (*ar leathanach 16 den Leabhrán*).
(30)

**(B)** Nuair a shroicheann na hearraí Earraí Leictreachais Tí Tta, seiceálann Cáit Ní Chonchúir iad. Ansin scríobhann sí seic (Uimh. 76548) dar dáta 18 Aibreán 2012, sínithe aici féin, ar son Earraí Leictreachais Tí Tta mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sí do thiománaí na trucaile é chun é a thabhairt ar ais go dtí Soláthairtí Cistine Tta.

Comhlánaigh an seic bán (Uimh. 76548) agus an comhdhuille (*ar leathanach 17 den Leabhrán.)*
(15)

**(C)** Tagann Admháil (Uimh. 213) ar an íocaíocht ó Sholáthairtí Cistine Tta. Tá an dáta 20 Aibreán 2012 ar an Admháil agus tá sí sínithe ag Emma Ní Bhroin, Airgeadóir.

(i) Comhlánaigh an Admháil bhán Uimh. 213 (*ar leathanach 17 den leabhrán*).

(ii) Luaigh cúis **amháin** ar doiciméad tábhachtach í admháil *(ar leathanach 17 den Leabhrán*).
(15)

**(60 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Cuntais Feirme**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Is feirmeoir é Tomás Ó Donnchadha a choinníonn Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe). Lóisteáiltear an t-airgead go léir a fhaigheann sé ina chuntas reatha bainc ar an lá céanna agus déantar gach íocaíocht le seic.

Ar 1 Márta 2012, bhí iarmhéid €3,500 ag an bhfeirmeoir sa bhanc.

Rinne sé na bearta seo a leanas le linn Mhárta 2012:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Márta | 2 | Dhíol eallach ar €9,000. | (Admháil Uimh. 741) |
| | 5 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €1,750. | (Seic Uimh. 201) |
| | 9 | Fuair deontas AE de €2,400. | (Admháil Uimh. 742) |
| | 13 | Cheannaigh díosal don tarracóir €400. | (Seic Uimh. 202) |
| | 14 | D'íoc as deisiúcháin an sciobóil €1,800. | (Seic Uimh. 203) |
| | 16 | Cheannaigh leasachán talún ar €600. | (Seic Uimh. 204) |
| | 20 | Fuair seic bainne €2,000. | (Admháil Uimh. 743) |
| | 21 | Dhíol eallach ar €3,000. | (Admháil Uimh. 744) |
| | 22 | Cheannaigh eallach (laonna) ar €4,500. | (Seic Uimh. 205) |
| | 26 | D'íoc as deisiúcháin innealra €800. | (Seic Uimh. 206) |
| | 27 | D'íoc táillí le tréidlia €950. | (Seic Uimh. 207) |
| | 29 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €2,300. | (Seic Uimh. 208) |

**(A)** Breac go hiomlán Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe) Thomáis Uí Dhonnchadha do Mhárta 2012 agus tú ag baint úsáide as na colúin mhiondealaithe seo a leanas:


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dochair (Fáltais)**: | Banc | Eallach | Deontais | Eile | |
| **Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: | Banc | Eallach | Beathú | Deisiúcháin | Eile |

Suimigh **gach** colún miondealaithe agus comhardaigh na colúin Bhainc ag deireadh an Márta.
(Freagar *ar leathanach 18 den Leabhrán.)*

(40)

**(B)** Mínigh **trí** chúis ar cheart d'fheirmeoirí cuntais a choimeád *(ar leathanach 19 den Leabhrán)*.
(15)

**(C)** Teastaíonn ó Thomás €20,000 a fháil ar iasacht chun tarracóir nua a cheannach. Is é an ráta úis ná 5% in aghaidh na bliana.




Ríomh cé mhéad úis a íocfaidh Tomás ag deireadh na chéad bhliana.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
*(Freagar ar leathanach 19 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**7.** **Baineann an cheist seo le Córais Seachadta**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Tiomáineann Cian Ó Briain veain seachadta ar son Chúiréirí Tapa Tta, an Muileann gCearr.



Ar 25 Aibreán 2012, thosaigh sé ag obair sa Mhuileann gCearr ar 8.00 a.m. Thug a fhostóir na h-orduithe seo a leanas dó:

"Seachaid an paicéad seo go Baile Áth Luain, le do thoil, agus ansin tar ar ais anseo. Ansin beidh dhá chliathbhosca mhóra ullamh chun seachadta. Tóg an dá chliathbhosca i do veain. Tá ort an chéad chliathbhosca a sheachadadh go Port Láirge roimh am lóin. Bíodh do lón agat i bPort Láirge agus ansin tóg an cliathbhosca eile go Luimneach. Bí ar ais anseo chomh luath agus is féidir leat, le do thoil mar beidh an veain ag teastáil le haghaidh seachadtaí oíche."

Chomhlíon Cian na horduithe go léir. Thóg sé 30 nóiméad i ngach áit faoi seach – sa Mhuileann gCearr, i bPort Láirge agus i Luimneach – chun na cliathbhoscaí a luchtú agus a dhíluchtú chomh maith leis na doiciméid ghnó a chomhlánú. Ní raibh aon mhoill i mBaile Átha Luain. Chaith Cian uair an chloig ag lón i bPort Láirge.
Is iad seo a leanas an fad idir na bailte ar thug sé cuairt orthu:

| | |
|---|---|
| Ón Muileann gCearr go Baile Átha Luain | 49 km |
| Ón Muileann gCearr go Port Láirge | 170 km |
| Ó Phort Láirge go Luimneach | 130 km |
| Ó Luimneach go dtí an Muileann gCearr | 148 km |

(i) Ríomh an líon iomlán ciliméadar a thaistil Cian an lá sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*.

(ii) Thaistil Cian ar mheánluas 78 ciliméadar san uair. Ríomh cé mhéad uair an chloig a chaith sé ag tiomáint an lá sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán).*

(iii) Má thaistealaíonn an veain 14 chiliméadar in aghaidh gach lítir dhíosail, ríomh cé mhéad lítear díosail a úsáideadh. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*.

(iv) Má chosain an díosal €1.55 an lítear, ríomh costas iomlán an díosail a úsáideadh. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*.

(v) Bain úsáid as an eolas go léir thuas agus ríomh an t-am cruinn a d'fhill Cian ar an Muileann gCearr. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*. (33)

**(B)** Ainmnigh **trí** thoisc a chuirfeadh gnólacht san áireamh agus iad ag roghnú córas iompair chun earraí a sheachadadh ar chustaiméirí ar fud na tíre. Mínigh tábhacht **gach** toisce díobh.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)* (15)


**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le h-iompar in Éirinn:

| | | |
|---|---|---|
| Bóithre Dola | Mótarbhealaí | Tolláin |
| Rolladh-ann Rolladh-as | Córas DART | |

*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)* (12)
**(60 marc)**

**8.** **Baineann an cheist seo le Teicneolaíocht Faisnéise agus Daoine ag Obair**.
*(Le comhlánú ar na Leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

| | | |
|---|---|---|
|  **1.** |  **2.** |  **3.** |

**(A)** (i) Sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 22 den Leabhrán Scrúdaithe, ainmnigh **gach** ceann de na comhpháirteanna ríomhaire thuas atá uimhrithe 1, 2, 3.

(ii) Luaigh cé acu gaireas ionchuir nó gaireas aschuir **gach** chomhpháirt thuas. (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(iii) Taispeánann **Colún 1** liosta de théarmaí Teicneolaíocht Faisnéise. I **gColún 2** tá liosta míniúchán a d'fhéadfaí a thabhairt ar na téarmaí sin.

| Colún 1 – Téarmaí | Colún 2 – Míniúcháin |
|---|---|
| **1.** Próiseáil Focal | **A.** Úsáidtear le haghaidh ríomhaireacht mhatamaitice, taifead airgeadais, ullmhú cuntas agus buiséad. |
| **2.** Bunachar Sonraí | **B.** Úsáidtear chun litreacha agus doiciméid a chlóscríobh agus a athrú ar ríomhaire. |
| **3.** Foilsiú Deisce | **C.** Úsáidtear chun eolas a chur in eagar agus a chomhadú ar ríomhaire. |
| **4.** Scarbhileog | **D.** Úsáidtear chun téacs agus pictiúir a bhailiú óna lán foinsí agus a eagrú le priontáil mar phóstaeir, leabhráin nó bileoga. |

Sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 22 den Leabhrán Scrúdaithe, meaitseáil an dá liosta. Cuir litir an mhíniúcháin is cuí faoin uimhir ábhartha.

(26)

**(B)** Tá Siobhán Ní Ógáin fostaithe mar Chúntóir Díolacháin ag Ríomhairí Praghascheart Tta.

(i) An tseachtain seo chaite d'oibrigh sí ar feadh 39 uair an chloig ar €9.65 san uair.

(a) Ríomh a h-ollphá don tseachtain.

(b) Luaigh cé acu a íoctar í de réir 'amráta' nó 'tascráta'. Mínigh do fhreagra.

*(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(ii) Ainmnigh **dhá** cheart atá ag Siobhán agus **dhá** fhreagracht atá uirthi mar fhostaí de chuid Ríomhairí Praghascheart Tta. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)*

(iii) Ainmnigh **dhá** cheart atá ag Ríomhairí Praghascheart Tta agus **dhá** fhreagracht atá orthu mar fhostóir Shiobhán. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán*.)

(34)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán